

- | | |
|--|--|
| <p>1. Cuir an cupán ar an mbord.
Cuirigí an cupán ar an mbord.</p> <p>2. Chuir mé an cupán ar an mbord.
Ar chuir tú an cupán ar an mbord?
Chuir / Níor chuir
Nár chuir sé an cupán ar an mbord?
Níor chuir sí an cupán ar an mbord.
Chuireamar an cupán ar an mbord.
Ar chuir sibh an cupán ar an mbord?
Chuir siad an cupán ar an mbord.
Cár chuir tú an cupán?</p> <p>3. Cuirim an cupán ar an mbord.
An gcuireann tú an cupán ar an mbord?
Cuirim (cuireann) / Ní chuirim (chuireann)
Nach gcuireann sé an cupán ar an mbord?
Ní chuireann sí an cupán ar an mbord.
Cuirimid an cupán ar an mbord.
An gcuireann sibh an cupán ar an mbord?
Cuireann siad an cupán ar an mbord.
Cá gcuireann tú an cupán?</p> <p>4. Cuirfidh mé an cupán ar an mbord.
An gcuirfidh tú an cupán ar an mbord?
Cuirfidh / Ní chuirfidh
Nach gcuirfidh sé an cupán ar an mbord.
Ní chuirfidh sí an cupán ar an mbord.
Cuirfidh muid an cupán ar an mbord.
An gcuirfidh sibh an cupán ar an mbord?
Cuirfidh siad an cupán ar an mbord.
Cá gcuirfidh tú an cupán?</p> <p>5. Chuirfinn an cupán ar an mbord.
An gcuirfeá an cupán ar an mbord?
Chuirfinn / Ní chuirfinn
Nach gcuirfeadh sé an cupán ar an mbord?
Ní chuirfeadh sí an cupán ar an mbord.
Chuirfimis an cupán ar an mbord.
An gcuirfeadh sibh an cupán ar an mbord?
Chuirfidís an cupán ar an mbord.
Cá gcuirfeá an cupán?</p> <p>6. Tá sé ag cur báistí.
Cá bhfuil an cupán curtha agat?</p> | <p>Put the cup on the table.
[Y'all] put the cup on the table.</p> <p>I put the cup on the table.
Did you put the cup on the table?
Yes / No
Didn't he put the cup on the table?
She didn't put the cup on the table.
We put the cup on the table.
Did y'all put the cup on the table.
They put the cup on the table.
Where did you put the cup?</p> <p>I put the cup on the table.
Do you put the cup on the table.
Yes / No
Doesn't he put the cup on the table?
She doesn't put the cup on the table.
We put the cup on the table.
Do y'all put the cup on the table.
They put the cup on the table.
Where do you put the cup?</p> <p>I will put the cup on the table.
Will you put the cup on the table.
Yes / No
Won't he put the cup on the table?
She won't put the cup on the table.
We will put the cup on the table.
Will y'all put the cup on the table.
They will put the cup on the table.
Where will you put the cup?</p> <p>I would put the cup on the table.
Would you put the cup on the table.
Yes / No
Wouldn't he put the cup on the table?
She wouldn't put the cup on the table.
We would put the cup on the table.
Would you put the cup on the table.
They would put the cup on the table.
Where would you put the cup?</p> <p>It's raining (putting rain).
Where have you put the cup?</p> |
|--|--|

Comhrá 1

A: **An gcuireann** tú siúcra i do chuid tae?
B: **Cuirim**. Is maith liom tae milis.
A: **An gcuirfeá** mil i do chuid tae?
B: **Chuirfinn**. Is aoibhinn liom mil.
A: **Ar chuir** tú do chupán sa doirteal?
B: **Níor chuir**. **Chuir** mé ar an mbord é.
A: **Ná cuir** ar an mbord é, le do thoil.
B: Ceart go leor. **Cuirfidh** mé sa doirteal é.

Comhrá 2

A: Dia duit, is mise Seán. Cad is ainm duit?
B: Dia is Muire duit. Is mise Máire.
A: Tá sé go deas bualadh leat.
B: **An ólfaidh** tú cupán tae?
A: **Ólfaidh**. Go raibh maith agat.
B: **An gcuireann** tú siúcra agus bainne ann?
A: **Cuirim** siúcra ann,
 ach **ní chuirim** bainne ann.
B: Maith go leor. Seo duit an siúcra.

An Taibhse le Gearóid Mac Con Iomaire

Maireann an taibhse thuas ins an túr,
Gan aon chara aige, ach cág is colúr.

Ní bhíonn sé le feiceáil, ag duine ar bith,
Ach le dul faoi na gréine, amach leis ina rith.

Ritheann sé suas, ar shimléar an tí,
Chun féachaint an bhfuil gach éinne ina luí.

Cuireann sé eagla ar ghadaithe dána,
A bhíonn ag goid rudaí ó na tithe sa lána.

Gabhann sé go tapa,
 trí dhorchadas na coille,
Ní stopann sé riamh, téann sé gan mhoill.

Ach le héirí na gréine,
 agus drúcht ar an sceach,
Tá an taibhse mór liath ar ais ina theach.

Conversation 1

Do you **put** sugar in your tea?
Yes [**I put**]. I like sweet tea.
Would you **put** honey in your tea?
Yes [**I would put**]. I love honey.
Did you **put** your cup in the sink?
No. I **put** it on the table.
Don't put it on the table, please.
Okay. I **will put** it in the sink.

Conversation 2

Hello, I'm Seán. What is your name?
Hello, I'm Mary.
It's nice to meet you.
Will you **drink** a cup of tea?
Yes (**will drink**). Thank you.
Do you **put** sugar and milk in it?
I put sugar in it,
but **I don't put** milk in it.
Okay. Here is the sugar.

The Ghost by Gearóid Mac Con Iomaire

The ghost lives up in the tower,
Without any friend, but jackdaw and pigeon.

He isn't visible to anyone,
But with the setting of the sun, out he runs.

He runs up, on the house chimney,
To see if everyone is asleep.

He frightens bold thieves,
Who steal things from the houses in the lane.

He goes quickly,
 through the darkness of the wood,
He never stops, he goes without delay.

But with the rising of the sun,
 and dew on the hawthorn,
The big grey ghost is back in his home.

Ceisteanna 1

1. Ar **chuireamar** duine ar an ngealach?
2. An **gcuirfidh** muid duine eile ann?
3. An **ólann** páistí fíon?
4. An **siúlfadh** iasc ar an talamh?
5. An bhfuil sé **ag cur** báistí anois?
6. An **bhfuil** duine **curtha** againn ar Mhars?

Ceisteanna 2

1. An **ólann** tú bainne ar maidin?
2. An **gcuireann** tú fíneagar ar sceallóga?
3. Ar **scríobh** tú dán as Gaeilge riamh?
4. An **léann** tú leabhair as Spáinnis?
5. An **gcuirfeá** citseap ar rís?
6. An **siúlfá** cosnochta sa sneachta?
7. An **siúlfaidh** tú ar an trá amárach?
8. An maith leat **siúl** ar an trá?
9. Ar mhaith leat **siúl** ar an ngealach?
10. Ar **rith** tú i rás riamh?

Questions 1

- Did we put** a person on the moon?
Will we put another person there?
Do children **drink** wine?
Would a fish **walk** on the ground?
Is it raining (**putting** rain) now?
Have we **put** a person on Mars?

Questions 2

- Do** you **drink** milk in the morning?
Do you **put** vinegar on fries?
Did you ever **write** a poem in Irish?
Do you **read** books in Spanish?
Would you **put** ketchup on rice?
Would you **walk** barefoot in the snow?
Will you **walk** on the beach tomorrow?
Do you like **to walk** on the beach?
Would you like **to walk** on the moon?
Did you ever **run** in a race?